Is i dtreise atá ár dtionscnaimh Fiontair Mac Léinn ag dul. I mbliana maraon leis na Dámhachtainí Fiontair Mac Léinn, chuir Bord Fiontar Contae Cheatharlach ceardlanna Fiontar ar fáil do CGAT/AF agus do ranganna Bunscoile, chomh maith le Scoil Samhraidh do Lucht Fiontraíochta. Mar is iondúil glacaimid leis nach bhféadfaí na deiseanna seo a chur ar fáil do na scoláirí murach tacaíocht na múinteoirí agus na dtuismitheoirí.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghlacadh le mo chomhbhaill Boird agus leis an gCoiste Meastóireachta as ucht a gcúnamh agus a gcomhoibriú. Thug gach duine a gcuid ama go fial flaithiúil gan chúiteamh. Is mian liom mo bhuíochas a chur in iúl don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, An tUas. Michael Kelly agus a lucht foirne díograiseach as ucht a gcuid oibre maidir le cinní an Bhoird a chur i bhfeidhm. Táim ag iarraidh mo bhuíochas a chur in iúl freisin don Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, An tUas Mícheál Martin, agus don fhoireann san Aonad Fiontar Áitiúil as ucht a gcuid oibre agus fuinnimh ar feadh na bliana.



Joseph Crockett
Cathaoirleach



Joseph Crockett
Cathaoirleach
Bhord Fiontar Contae
Cheatharlach

TUAIRISC AN PHRÍOMHOIFIGEACH FEIDHMIÚCHÁIN

Mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, is mór i gceist agam Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2006 Bhord Fiontar Contae Cheatharlach a chur i láthair.


Déanann Bord Fiontar Contae Cheatharlach iarracht, trína bhogthacaíochtaí, cúnamh praiticiúil agus éifeachtach a sholáthar don ghnó beag maraon le spreagadh a thabhairt don fhiontraíocht fholaigh laistigh den Chontae. Tá an dearadh atá ar an oiliúint, ar an meantóireacht agus ar an gClár Forbartha Bainistíochta atá againn deartha chun torthaí inláimhsithe a ghnóthú don ghnó atá ag tosnú amach nó ag forbairt. Tá tacaíocht leanúnach ar fáil trínár líonraí Bainisteoir Úinéara agus Mná i mBun Gnó agus trínár gcláir Tosaigh do Ghnó Féin bíonn deis ag tionscnóirí an smaoineamh gnó a bhíonn acu a iompú isteach ina phlean gnó praiticiúil agus indéanta.

Léiríonn an ráta ard cliant a ghlacann páirt ar ár gcláir bogthacaíochtaí go bhfuil siad an-tugtha don fhiontraíocht dhúchasach. Tugann na torthaí fíordhearfacha ón bhfeachtas leanúnach "Click for Carlow" léiriú ar an bhféidearthacht agus ar an ngá atá le hinfheistíocht inár n-eacnamaíocht áitiúil agus leanfaidh an Bord Fiontar ag obair mar bhall den Bhord Forbartha Contae le go dtarlóidh sé seo.

Sa bhliain 2006 ghlac Bord Fiontar Contae Cheatharlach, i gcomhar le hInstitiúid Teicneolaíochta Cheatharlach páirt i gcomhpháirtíocht dearaidh mar chuid de Chlár Dearadh Tionsclaíoch an choláiste. Thug sé seo deis do scoláirí a raibh céim acu oibriú i bhfíorphróisis táirgthe maraon le seans a thabhairt do roinnt dár gcliantchuideachtaí tairbhe a bhaint as dearcadh nuálaíochta agus eolais na scoláirí.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do ról an Choiste Meastóireachta agus an Bhoird as ucht a gcuid saineolais agus tiomantas leanúnach thar na blianta don fhiontraíocht i gContae Cheatharlach.

Ar deireadh, caithfidh mé a rá go bhfuil an-mheas agamsa ar an méid den lucht fiontraíochta a leanann orthu ag nuálú agus ag cothú deiseanna cruthú postanna sa cheantar. Tá an Bord tiomanta ar leanúint lena bpolasaí maidir le seirbhísí insroichte a chur ar fáil chun cur ar chumas an lucht fiontraíochta seo féidearthacht iomlán a n-iarrachtaí a ghnóthú.



Michael P. Kelly
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Bord Fiontar Contae Cheatharlach



Michael P. Kelly
Príomhoifigeach
Feidhmiúcháin
Bhord Forbartha Contae
Cheatharlach

STRUCHTÚR & RIARACHÁN

Is Cuideachta faoi theorainn Ráthaíochta é Bord Fiontar Contae Cheatharlach agus gníomhaireacht reachtúil faoin Acht Forbartha Thionsclaíoch 1995. Tá an Bord á mhaoiniú ag an Státchiste agus ag an Aontas Eorpach faoi Fochlár Fiontar Áitiúil an Chláir Oibríochtúil Réigiúnach do cheantar an Deiscirt agus an Oirthir den Phlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006.

Tá an Bord comhdhéanta d'ionadaithe ón rannóg deonach agus gnó, na páirtnéirí sóisialta, an t-údarás áitiúil agus na gníomhaireachtaí stáit.

Glactar le hiarratais ar mhaoiniú i bhfoirm plean gnó. Tugann Coiste Meastóireachta tacaíocht don Bhord agus déanann siad measúnú mion ar gach iarratas agus déanann siad moladh maidir leis an leibhéal agus cineál tacaíochta is feiliúnaí do gach fiontar ar leith. Scrúdaíonn an Coiste Meastóireachta inmharthanacht thráchtála gach tionscnamh agus cinntíonn siad go gcloíonn siad leis na critéir atá leagtha síos ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

Tar éis an phróisis seo, seoltar moltaí an Choiste Meastóireachta chuig an mBord le haghaidh an chinneadh deiridh ar chúnamh deontais. Déanann an Bord na cinntí freisin maidir le soláthar seirbhísí Meantóireachta agus cláir Oiliúna. Cuidíonn foireann Bhord Fiontar Contae Cheatharlach le próiseáil na iarratas trí thacaíocht riaracháin agus feidhmeannais a chur ar fáil don Choiste Meastóireachta agus don Bhord.

Táthar ag coinneáil naisc le gníomhaireachtaí tacaíochta eile trí mheicníocht an Bhord Forbartha Contae d'fhonn cur le héifeachtúlacht agus éifeachtacht na tacaíochta atá á soláthar agus chun cinntiú nach bhfuil aon dúbláil ann.

SPRIOCANNA & AIDHMEANNA

Bhunaigh an Rialtas Bord Fiontar Contae Cheatharlach i ndeireadh 1993 agus é mar phríomhaidhm acu an fhiontraíocht a chur chun cinn agus cuidiú le forbairt na bhfiontar beag ag an leibhéal áitiúil. Is fócas straitéiseach atá ag an mBord agus is é an príomhthasc atá aige ná spreagadh a thabhairt do dheiseanna fostaíochta i gContae Cheatharlach trína haidhmeanna seo a leanas:

- Glanmhéadú a ghnóthú i líon na bpostanna buana sa réigiún trí thacaíochtaí a sholáthar a chuideoidh le hinmharthanacht fadtéarmach gnó.
- Spreagadh, forbairt agus tacaíocht a thabhairt don fhorbairt eacnamaíochta agus don fhiontraíocht áitiúil sa phobal.
- Comhoibriú le gníomhaireachtaí stáit agus gníomhaireachtaí/institiúidí eile i dtacú le forbairt gnólachtaí nua agus reatha chun na meicníochtaí cuí tacaíochta fiontar a chur ar fáil.
- Áiseanna eolais comhordaithe a chur ar fáil. Gnólachtaí nua agus cuid atá bunaithe a chur ar an eolas faoi thacaíochtaí gníomhaireachta/institiúide atá ar fáil dóibh.
- Seirbhísí gnó a bheith ar fáil agus iad a bheith insroichte go réidh ó aon láthair i gContae Cheatharlach.
- An líon mná a bhíonn páirteach i ngnó a mhéadú.
- Uasghrádú mór a dhéanamh ar leibhéal an tsaineolais bhainistíochta sna fiontair atá ann cheana agus sna cinn nua.

Buaiceanna 2006

- Ceadaíodh cúnamh deontais de €315,142 do 22 tionscnamh ag a raibh an cumas 65 post nua a chruthú.
- Cuireadh maoiniú de €298,928 ar fáil faoi Mhiosúr 2 den Fhorbairt Fiontraíochta agus Inniúlachta.
- Chuir an Bord Fiontar 450 áit ar fáil do dhaoine aonair/cuideachtaí ar sheimineáir agus cúrsaí oiliúna gnó.
- Chríochnaigh 22 gnólacht an Clár Forbartha Bainistíochta creidiúnaithe de chuid an Institiúid Teicneolaíochta.



Céimithe Chlár Forbartha Bainistíochta Úinéara/Bainisteora 2006

- Ghlac 56 fear agus 48 bean páirt i 6 Chlár Tosaigh do Ghnó Féin.
- D'fhreastal meán de 25 bean ar gach ceann den 11 cruinniú a bhí ag an Lónra Mná i mBun Gnó. Tá 150 ball sa Lónra. Chomh maith leis sin, bhí imeacht Lónra agus Comhdhála Mná i mBun Gnó ar siúl i gcomhar le Boird Fiontar i nDeisceart Thiobraid Árann, i gCill Chainnigh agus i Loch Garman ar ar fhreastal 36 ball Lónra as Contae Cheatharlach.



Lónra Mná i mBun Gnó Cho. Cheatharlach ag Óstán Lyrath.

- Tríd an gClár Meantóireachta, chuir an Bord Fiontar ar chumas 65 gnó straitéis a fhorbairt agus a fheidhmiú. Chomh maith leis sin, d'fhreastal 42 duine ar ár gClinicí Fiontar ag a raibh comhairle duine le duine le fáil maidir le cuntasáocht, margaíocht, AD agus TF.
- Ghlac 157 gnó agus daoine aonair leis na seirbhísí Comhairle Gnó a sholáthar an Bord Fiontar.
- Bhain Meánscoileanna timpeall an Chontae tairbhe as na Dámhachtainí Fiontair Mac Léinn, lena n-áirítear agallaimh agus ceardlanna sna scoileanna. Cuireadh ceardlanna Fiontar ar fáil i mbliana don chéad uair do CGAT/AF agus Bunscoileanna. Bhí Scoil Samhraidh Fiontar píolótach ar siúl freisin ag Enterprise House.
- Thosnaigh 19 úinéir/bainisteoir ar an gClár Forbartha Bainistíochta 2006/2007 (creidiúnaithe ag IT Cheatharlach).
- Le tacaíocht BFC, bhí seastáin ag 17 gnó ag an gCraobh Dhomhanda Treabhdóireachta.
- Bhuaigh Bord Fiontar Contae Cheatharlach an Dámhachtain Forbartha Acmhainní Daonna ag na Dámhachtainí bliantúla de Chumann Tráchtála Chontae Cheatharlach.



*Baill foirne de chuid Bhord Fiontar Contae Cheatharlach: Ar chúl, ó chlé go deas: Kieran Comerford, Michael P Kelly
Chun tosaigh: Aideen Healy, Sarah Byrne agus Mary O Higgins*

TIONSCNAIMH THACAÍOCHTA

Soláthraíonn Bord Fiontar Contae Cheatharlach raon leathan tacaíochtaí de réir na dtreoirlínte atá leagtha síos sa Chlár Oibríochtúil Réigiúnach d'Fhorbairt Fiontar Áitiúil. Tá soláthar sa chlár seo d'fheidhmiú roinnt tionscnamh tacaíochta óna Boird Fiontar Contae & Cathrach. Feidhmítear na tacaíochtaí seo faoi dhá mhiosúr, mar a leanas:

- **Miosúr 1:** - Cúnamh Airgeadais Roghnach (Deontais)
- **Miosúr 2** - Forbairt Fiontraíochta agus Inniúlachta (Oiliúint/Meantóireacht)

MIOSÚR 1: CÚNAMH AIRGEADAIS ROGHNACH

Faoin Miosúr seo tugann Bord Fiontar Contae Cheatharlach tacaíocht airgeadais do mhionfhiontair nua nó atá ag leathnú. Tugtar tacaíocht go mormhór do ghnólachtaí sa rannóg déantúsaíochta, nó seirbhísí trádála idirnáisiúnta. D'fhéadfaí Cúnamh Airgeadais a thabhairt do thionscnaimh (táirgí nó seirbhísí) a bhfuil an cumas acu inmharthanacht thráchtála a ghnóthú agus nach bhfuil dúbláil i gceist leo agus/nó asáitiú ar tháirge nó ar sheirbhís reatha. Bíonn an tacaíocht airgeadais i bhfoirm deontais agus iasachtaí agus tagann siad i gceithre chatagóir:

- **Deontais Staidéar Féidearthachta:** chun smaoineamh gnó a fhorbairt trí thaighde, forbairt fréamhshamhla agus plean gnó.
- **Deontais Fostaíochta:** chun cur ar chumas gnó fostaithe a earcú chun cuidiú le fás an ghnó.
- **Deontais Caipitil:** chun cur ar chumas gnó táirgiúlacht a mhéadú trí éadail sócmhainní seasta, agus deiseanna fostaíochta a chruthú sa tslí seo.
- **Páirtíocht Cothromais:** de ghnáth i bhfoirm Scaireanna Tosaíochta Infhuascailte agus is féidir airgeadas a sholáthar don chuideachta, lena n-áirítear caipiteal oibre.

Tugtar liosta de na tionscnaimh sin a cheadaigh an Bord le linn na bliana ag deireadh na tuarascála seo.

MIOSÚR 2: FORBAIRT FIONTRAÍOCHTA AGUS INNIÚLACHTA

Tacaíocht Mheantóireachta & Comhairle Gnó: Soláthraíonn Bord Fiontar Contae Cheatharlach raon cuimsitheach tacaíochtaí don lucht fiontraíochta ag gach staid dá bhforbairt gnó. Tugann An Bord Fiontar comhairle gnó agus eolas do ghnólachtaí ar fud an Chontae roimh thosnú dóibh, ag tosú amach dóibh agus nuair atá siad bunaithe. Chomh maith leis sin, reachtálann Bord Fiontar Contae Cheatharlach clár meantóireachta ina gceaptar comhairleoirí le saineolas ar leith chun cuidiú le gnó sa réimse cuí.

Cláir Oiliúna: Braitheann rathúlacht na bhfiontar beag ar bhainistíocht éifeachtach agus chuige seo cuireann Bord Fiontar Contae Cheatharlach raon clár oiliúna ar fáil atá dírithe ar fhorbairt scileanna riachtanacha agus ar chumas bainistíochta lucht fiontraíochta sa Chontae.

In éineacht leis na cláir Tosaigh do Ghnó Féin, bhí an Bord páirteach in eagrú agus i soláthar roinnt clár speisialta oiliúna le linn 2006, lena n-áirítear Forbairt Bainistíochta, Tosaigh Do Ghnó Féin, Cánachas, Cuntasaíocht don Ghnó Beag, Dearadh Suíomh Gréasáin agus Margaíocht. Beidh ról riachtanach i gcónaí ag na bogthacaíochtaí i bhforbairt agus inmharthanacht gnólachtaí sa Chontae.

Líonra do Mhná i mBun Gnó: Nasctar deiseanna líonraithe agus seimineáir eolais chun cruinniú míosúil a chur ar fáil do mhná i gContae Cheatharlach a bhfuil gnó dá gcuid féin acu cheana féin nó atá ag smaoineamh ar ghnó nua a thosnú. Tugtar spreagadh do bhaill an líonra plé a dhéanamh ar cheisteanna gnó a bhaineann go díreach leo féin, úsáid a bhaint as líonra agus glacadh le tacaíochtaí eile atá ar fáil ó Bhord Fiontar Contae Cheatharlach. Bíonn 11 cruinniú ann gach bliain agus d'fhreastal meán de 25 orthu seo i 2006. Bhí comhthionscnamh ar siúl i 2006 idir Boird Fiontar i gCeatharlach, Cill Chainnigh, Tiobraid Árann Theas agus Loch Garman chun imeacht Líonra/Comhdhála a chur ar fáil do na baill uilig. D'fhreastal 36 ball de Líonra Chontae Cheatharlach ar an imeacht i mí Mheán Fómhair in Óstán Lyrath, Cill Chainnigh.

Imeacht Microtrade MAIN agus Tionscnamh Thuaidh Theas: Sholáthar an dá imeacht seo Deiseanna Líonraithe uile-oileáin do 8 ngnó ón gContae.

Dámhachtainí Fiontair Mac Léinn: D'fhreastal breis is 1000 scoláire ar cheardlanna fiontar, iad siúd a ghlac páirt sna Dámhachtainí Fiontair Mac Léinn a bhíonn ann go bliantúil san áireamh. Le linn na hidirbhliana, bhí scoláirí na nDámhachtainí i mbun gnólachtaí a bhunú agus a reachtáil agus roghnaíodh an eiseamláir ghnó ab fhearr le bheith i gCraobh na nDámhachtainí Náisiúnta Fiontair Mac Léinn a bhí ar siúl sa Tulach Mhór i mí Bealtaine.

Clár Forbartha Bainistíochta agus An Líonra do Bhainisteoirí Úinéara: Soláthraíonn an Clár Forbartha Bainistíochta oiliúint, líonrú agus meantóireacht agus de réir go leor de na gnólachtaí sa Chontae is tionchar iontach dearfach é ar a bhfás agus ar a bhforbairt. Tugtar spreagadh d'úinéirí/bainisteoirí a bheith páirteach i Líonra an Bhainisteora Úinéara nuair a bhíonn an clár creidiúnaithe TF seo críochnaithe acu. Tagann an Líonra le chéile tríd an mbliain chun ceisteanna ar nós Buiséad, ceisteanna fostaíochta agus pleanáil gnó a phlé.

CAIRT CHUSTAIMÉIRÍ

Is é aidhm Bhord Fiontar Contae Cheatharlach ó thaobh seirbhísí custaiméirí de ná na dualgais agus feidhmeanna atá curtha mar fhreagracht air ag an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta a chomhlíonadh ar bhealach éifeachtúil agus gairmiúil de réir an Chomhaontú Oibriúcháin atá sínithe idir an Bord Fiontar Contae agus an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

Tagann Bord Fiontar Contae Cheatharlach isteach faoi "Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit" a chinntíonn go dtugtar seirbhís den scoth do chustaiméirí agus don phobal i gcoitinne agus go ndéantar cinntí go cóir gan chlaonadh. Tugann foireann Bhord Fiontar Contae Cheatharlach aird ar na caighdeáin is airde den mheoin gnó agus ní chaillfidh an pobal a muinín in ionracas an BFCC mar gheall ar aon ghníomhaíocht de chuid fhoireann an BFC.

Baineann an Cód seo le Stiúrthóirí an Bhoird, le baill an Choiste Meastóireachta agus le fostaithe an Bhoird. Cinnteoidh lucht foirne an Bhoird Fiontar agus tú ag deileáil leo go dtugtar gach eolas duit faoi chuile sheirbhís agus tacaíocht atá acu agus go gcuidítear leat chun rochtain cheart a fháil ar na seirbhísí agus tacaíochtaí seo.

Cúirtéis agus Cuidiú: Maidir le gach teagmháil agus déileáil a bhíonn agat leis an mBord Fiontar Contae, is féidir leat a bheith ag súil:

- go ndéileáilfidh duine den fhoireann leat i gcónaí ar bhealach cúirtéiseach agus cuiditheach;
- go dtabharfar ainm an bhall foirne duit lena bhfuil tú ag déileáil;
- go dtreoreofar chuig an mball foirne cuí tú atá ag déileáil le d'fhiosrúchán;

Eolas: Is féidir leat a bheith ag súil trí gach teagmháil agus déileáil a bhíonn agat leis an mBord Fiontar Contae:

- go dtabharfar eolas iomlán cruinn maidir le haon fhiosrúchán a bheadh agat.

Éifeachtúlacht: Is féidir leat a bheith ag súil trí gach teagmháil agus déileáil a bhíonn agat leis an mBord Fiontar Contae:


- go ndéileáilfear le d'fhiosrúchán ar bhealach pras agus éifeachtach, agus ag an am céanna go gcoinneofaí aon chostas a thitfeadh ort chomh híseal agus is féidir.

Príobháideacht agus Rúndacht: Is féidir leat a bheith ag súil trí gach teagmháil agus déileáil a bhíonn agat leis an mBord Fiontar Contae:

- go gcoinneofar gach eolas a chuireann tú ar fáil, pearsanta nó gnó, go hiomlán faoi rún.

Ceartú: Is féidir leat a bheith ag súil trí gach teagmháil agus déileáil a bhíonn agat le Bord Fiontar Contae Cheatharlach go ndéileáilfear le haon ghearán dleathach go pras agus go tuisceanach agus de réir Cúram Cliant agus Gnásanna Gearán an Bhoird. Níl aon dochar sna gnásanna seo do ghnáthchearta an duine de réir dlí nó d'aon chóras athbhreithnithe ar leith a d'fhéadfaí a leagan síos.

Níor tháinig aon cheist nó gné chun cinn le linn 2006 ónár theastaigh an Gnás chuige.



Michael P. Kelly
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Bord Fiontar Contae Cheatharlach



Joseph Crockett
Cathaoirleach
Bord Fiontar Contae Cheatharlach

**BORD FIONTAR CONTAE CHEATHARLACH TEORANTA
RÁITIS AIRGEADAIS
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2006**

CLÁR NA nÁBHAR

	LEATHANACH
TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE	2 - 3
EOLAS FAOIN gCUIDEACHTA	4
TUAIRISC NA STIÚRTHÓIRÍ	5 - 6
FREAGRACHT I LEITH AN CHÓRAIS RIALÚCHÁIN AIRGEADAIS INMHEÁNACH	7 - 8
RÁITEAS AR PHOLASAITHE CUNTASAÍOCHTA	9
CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS	10
AN CLÁR COMHARDAITHE	11
NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS	12 - 17

CARLOW COUNTY ENTERPRISE BOARD LIMITED

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur I láthair Thithe an Oireachtais

Ta ráitis airgeadais Carlow County Enterprise Board Limited don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006 iniúchta agam faoi Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis sin, comhdhéanta den Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe agus na nótaí gaolmhara.

Freagrachtaí na Stiúrthóirí agus an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste faoi seach

Tá freagrachtaí na Stiúrthóirí as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dlíthe infheidhmithe agus Cleachtas Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn leagtha amach i dTuarascáil na Stiúrthóirí. Tá na Stiúrthóirí freagrach as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú freisin.

Is é m'fhreagrachta ná na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir cheanglas ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtas Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn agus an bhfuil siad ullmhaithe go cuí de réir Achtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2006. Tuairiscím freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chuntais chul coinnithe ag an gCuideachta; agus cibé an dtugann an fhaisnéis arna tabhairt i dTuarascáil na Stiúrthóirí leis na ráitis airgeadais. Lena chois sin, deirim cibé an bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam agus atá riachtanach chun críocha m'iniúchta, agus cibé an bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nach leanann na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.

Scrúdaím an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais le féachaint an léirítear ann gur chomhlíon an Chuideachta an Cód Cleachtas maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tuairiscím ar aon chás ábhartha nach ndéanann sé amhlaidh, nó más rud é go bhfuil an ráiteas míthreorach nó nach dtugann sé le faisnéis eile atá ar eolas agam de bharr na ráitis airgeadais a bheith iniúchta agam. Ní cheanglaítear orm a bhreithniú cibé an gclúdaíonn an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais gach priacal agus rialú airgeadais, ná teacht ar thuairim maidir le héifeachtacht na nósanna imeachta maidir he priacail agus rialú.

Léim faisnéis eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil, agus breithním cibé an dtugann sé leis na ráitis airgeadais iniúchta. Breithním na himpleachtaí do mo thuarascáil ma thagam ar an eolas faoi aon rud atá, de réir cosúlachta, ma mhíríteas nó ina neamhréireacht ábhartha leis na ráitis airgeadais.

An Bunús atá le mo Thuairim ar na Ráitis

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, rinne me m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord urn Chleachtais Iniúchóireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit. Déantar scrúdú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais, agus leis na hidirbhearta a fhoilsítear iontu. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí na Cuideachta, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas me a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhrialtacht eile no earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne me meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

Tuairim

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais:

- léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Eirinn, ar riocht ghnOthaI na Cuideachta ag 31 Nollaig 2006 agus ar a hioncam agus ar a caiteachas don bhliain dar críoch sin; agus
- gur ullmhaíodh go cuí iad de réir Achtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2006.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam agus a mheas mé a bheith riachtanach chun críoch m'iniúchta. Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chúil coinnithe ag an gCuideachta. Ta na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Is é mo thuairim go bhfuil an fhaisnéis a tugadh i dTuarascáil na Stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais.



Gerard Smyth
Le haghaidh agus thar ceann an
Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
8 Lúnasa 2007

**BORD FIONTAR CONTAE CHEATHARLACH TEORANTA
BAILL AN CHOISTE AGUS EOLAS GINEARÁLTA**

4

EOLAS FAOIN GCUIDEACHTA

BAILL AN BHOIRD:

Michael Browne
Eithne Condon
Frank Corcoran
Joe Crockett
Michael Dee
An Comh. Michael Doran
Tom Geoghegan
Bridget Holland
Jacqui Mc Nabb
An Comh. Arthur Mc Donald
An Comh. Joe Mc Donald
Patricia Mulcahy
Declan Murphy
Eileen O'Rourke
John Roberts
An Comh. James Townsend

AN COISTE MEASTÓIREACHTA:

Trevor Heron
Bernie O'Brien
Harry O'Brien
Dickson Patterson
John Slattery
Mary Walsh

RÚNAÍ NA CUIDEACHTA:

Michael P. Kelly

PRÍOMHOIFIGEACH FEIDHMIÚCHÁIN:

Michael P. Kelly

OIFIG CHLÁRAITHE:

Enterprise House
O'Brien Road
Ceatharlach

BAINCÉIRÍ:

AIB
36/37 Sráid Tullow
Ceatharlach

INIÚCHÓIR:

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
Treasury Building
Caisleán Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Cliath 2

ATURNAETHA:

Malcomson Law
Court Place
Ceatharlach

TUAIRISC NA STIÚRTHÓIRÍ DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2006

Príomhghníomhaíochtaí:

Is gníomhaireacht forbartha eacnamaíochta áitiúil é Bord Fiontar Contae Cheatharlach do Chontae Cheatharlach. Cuidíonn an Bord le fiontar beag laistigh de chomhthéacs a bPlean Fiontar. Áirítear ar na príomhghníomhaíochtaí:

- (i) Feasacht Fiontar a chruthú agus Cultúr Fiontar a fhorbairt.
- (ii) Soláthar ar Eolas Gnó, Comhairle, Tacaíocht Chomhairleoireachta agus Mheantóireachta.
- (iii) Cúnamh Airgeadais Roghnach.
- (iv) Oiliúint d'Fhorbairt Bhainistíochta.

Buaiceanna na Bliana;

Áirítear ar na Buaiceanna a bhí ag an mBord don bhliain:

- * Cúnamh deontais de €315,142 do 22 tionscnamh ag a raibh an cumas 65 post nua a chruthú.
- * Maoiniú de €298,928 curtha ar fáil faoi Mhiosúr 2 den Fhorbairt Fiontraíochta agus Inniúlachta.
- * Ghlac 450 duine aonair/cuideachta páirt in oiliúint a chur Bord Fiontar Contae Cheatharlach ar fáil.
- * D'fhreastal 25 bean ar an meán ar na cruinnithe míosúla Tionscnamh Mná i mBun Gnó agus tá os cionn 150 cláráithe anois ar bhunachar sonraí an Bhoird.
- * Tríd an gclár Meantóireachta, chuir an Bord ar chumas 65 cuideachta sainchomhairleoireacht a fháil i réimsí a bhain lena gcuid riachtanas aitheanta.
- * Ghlac 157 cuideachta agus duine aonair leis an tseirbhís Comhairle Gnó a sholáthar an Bord Fiontar.
- * Ghlac breis is 1,000 scoláire óna 15 scoil rannpháirteach páirt i gClár Fiontair Mac Léinn a bhí deartha agus curtha ar fáil ag Bord Fiontar Contae Cheatharlach i gcomhar le IT Cheatharlach.
- * Chríochnaigh 22 cuideachta an Clár Forbartha Bainistíochta creidiúnaithe ag HETAC. Ghlac 17 cuideachta páirt in "Enterprising Carlow" ag an gComórtas Náisiúnta & Domhanda Treabhdóireachta sa Tulach Mhór, Contae Cheatharlach, a bhí eagraithe agus curtha chun cinn ag Bord Fiontar Contae Cheatharlach. Bhí breis agus 150,000 duine i láthair.
- * Mar ghníomhaíocht de chuid Bhord Forbartha Chontae Cheatharlach tá ionadaíocht ag an mBord ar roinnt grúpaí stiúrtha, ag cur an Chontae agus an Réigiúin chun cinn.
- * Ghlac an Bord páirt i gClár Píolótach in éineacht le Fiontraíocht Éireann mar iarracht chun gnólachtaí beaga a aithint a d'fhéadfaí brú ar aghaidh chun páirt a ghlacadh i gclár Tosnú Ardchumais (HPSU).
- * Ag oibriú dóibh le hIonad Inniúlachta Gnó an Oirdheisirt agus le hInstitiúid Teicneolaíochta Cheatharlach agus i gcomhar le gníomhaireachtaí cothaithe sa mBreatain Bheag faoin gclár Interreg IIIA, chuidigh an Bord ó thaobh bearta a chuirfeadh feabhas ar fhorbairt táirge agus a thabharfadh spreagadh don inniúlacht sa Réigiún.
- * Bhronn Cumann Tráchtála Chontae Cheatharlach an "Damhachtain Forbartha Acmhainní Daonna" ar Bhord Fiontar Contae Cheatharlach i 2006.
- * Ghlac Bord Fiontar Contae Cheatharlach, i gcomhar le hInstitiúid Teicneolaíochta Cheatharlach páirt i gcomhpháirtíocht dearaidh mar chuid de Chlár Dearadh Thionsclaíoch an choláiste. Bhí 6 chliantchuideachta ag obair ar phróisis agus táirgí "Réadacha" le scoláirí de chuid an Choláiste a raibh céim acu.

Imeachtaí Tar Éis an Chláir Chomhardaithe

Níor tharla aon ní nó cúinse ó dheireadh na bliana airgeadais a raibh aon mhórhíonchar/nó a d'fhéadfadh mórhíonchar a bheith aige ar oibríochtaí na cuideachta, ar thorthaí na n-oibríochtaí sin nó ar ghnóthaí na cuideachta sna blianta airgeadais tar éis an bhliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2006

TUAIRISC NA STIÚRTHÓIRÍ DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2006

Torthaí:

Léirítear sonraí na dtorthaí cuntasaióchta don bhliain sna cuntais agus sna nótaí ábhartha ar leathanaigh 10 – 17.

Sláinte agus Sábháilteacht

Breathnaítear amach do shláinte fhostaithe an Bhoird trí thagairt do riachtanais An Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, .

Stiúrthóirí

D'éirigh An tUas. Des Lynch agus An tUas Pat Nolan as a bheith ina stiúrthóirí ar an 15 Feabhra 2006. Ceapadh an tUas. Declan Murphy agus an tUas. John Roberts mar stiúrthóirí ar an 15 Feabhra 2006

Iníúchóirí:

Tá an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste freagrach as iniúchadh an Bhoird de réir Alt 5 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí:

Faoi réir dhlí na Cuideachta caithfidh Stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais, a thugann léargas cruinn agus cóir, ar ghnóthaí na cuideachta agus ar Ioncam agus Caiteachas don bhliain sin. In ullmhú na ráiteas airgeadais seo, ní mór do na stiúrthóirí:


- a) polasaithe cuntasaióchta cuí a roghnú agus iad a fheidhmiú go leanúnach;
- b) breithiúnais agus meastacháin réasúnta agus tiosach a dhéanamh;
- c) aon athrú ábhartha óna caighdeáin chuntasaióchta cuí a chur ar fáil agus a mhíniú;
- d) ráitis airgeadais a ullmhú ar bhunús gnóthas leantach, mura bhfuil sé míchuí a cheapadh go leanfaidh an chuideachta i mbun gnó.

Tá dualgas ar na Stiúrthóirí taifid chuntasaióchta cuí a choinneáil a thugann léargas réasúnta cruinn, ag am ar bith, ar staid airgeadais na cuideachta agus chun gur féidir leo a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais ag cloí le hAchtanna na gCuideachtaí 1963- 2006. Tá dualgas freisin orthu sócmhainní na cuideachta a choinneáil slán agus chuige sin céimeanna réasúnacha a thógáil ar mhaithe le feall agus mírialtachtaí eile a sheachaint.


Dearbhaíonn na Stiúrthóirí gur chloí siad leis na riachtanais thuas in ullmhú na ráiteas airgeadais.

Leabhair Chuntas

I measc na mbearta a tógadh chun leabhair chuntas ceart a choinneáil bhí úsáid córais agus gnásanna a bhí oiriúnach don ghnó agus fostaíodh daoine inniúla a bhféadfaí brath orthu. Tá na Leabhair Chuntas coinnithe in oifig chláráithe na cuideachta.



Cathaoirleach



Stiúrthóir

FREAGRACHT I LEITH AN CHÓRAIS RIALÚCHÁIN AIRGEADAIS INMHEÁNACH

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2006

Ar son Bhord Stiúrthóirí Bhord Fiontar Contae Cheatharlach, glacaimse go bhfuil freagracht orainn a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach den rialú airgeadais inmheánach á choinneáil agus á fheidhmiú.

Ní dearbhú iomlán ach dearbhú réasúnta atá sa chóras go bhfuil na sócmhainní sábháilte, go bhfuil na bearta údaraithe agus taifeadtha i gceart, agus go bhfuil cosc ar aon earráidí ábhar nó mírialtachtaí nó go dtugtar faoi deara iad taobh istigh d'am réasúnach.

Príomhghnáthaimh Rialaithe

Tá céimeanna tógtha ag an mBord a chinntíonn timpeallacht rialaithe cuí trí:

- * fhreagrachtaí bainistíochta a shonrú go soiléir;
- * ghnáthaimh foirmeálta a bhunú chun tuairisc a thabhairt faoi theipeanna móra sa rialú agus a chinntíonn gníomhaíocht cheartúcháin chuí.

Tá próisis bunaithe ag an mBord chun rioscaí gnó a aithint agus a mheas trí:

- * nádúr, méid agus impleachtaí airgeadais na rioscaí atá amach roimh an mBord a aithint a áiríonn na catagóirí agus an méid a fheictear dóibh a bheith inglachtha;
- *mheasúnú ar an mbaol go dtarlódh rioscaí aitheanta;
- * mheasúnú a dhéanamh ar chumas an Bhoird maidir le rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a laghdú;

Tá an córas rialaithe inmheánach bunaithe ar chreat faisnéis bhainistíochta rialta, ar ghnásanna riaracháin a áiríonn scaradh ar dhualgais, agus ar chóras atá bunaithe ar thiomnú agus freagracht. Áiríonn sé ach go háirithe:

- * córas buiséadach chuimsitheach le buiséad bliantúil a bhíonn aontaithe ag an mBord Stiúrthóirí;
- * Athbhreithnithe rialta ag an mBord Stiúrthóirí ar thuairiscí airgeadais bhliantúla agus thréimhsiúla a léiríonn feidhmiú airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí;
- * treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil atá sainmhínithe go soiléir;

Fuair Bord Fiontar Contae Cheatharlach gnólacht cuntasóirí chun na ráitis airgeadais a ullmhú. In éineacht leis na ráitis airgeadais a ullmhú, tugann an gnólacht cuntasóirí comhairle maidir le fiúntas agus éifeachtúlacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánach.

FREAGRACHT I LEITH AN CHÓRAIS RIALÚCHÁIN AIRGEADAIS INMHEÁNACH

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2006

Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird maidir le héifeachtúlacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánach bunaithe ar chomhairle na gcuntasóirí, na bhfeidhmeannach laistigh de Bhord Fiontar Contae Cheatharlach ar a bhfuil freagracht d'fhorbairt agus cothabháil an chreata rialaithe airgeadais, agus tuairimí a thugann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta nó i dtuairiscí eile.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialúcháin

Rinne an Bord athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánach le linn na bliana dar críoch 31 Nollaig 2006.

Sínithe ar son an Bhoird



Cathaoirleach

17 Iúil 2007

Dáta

RÁITEAS AR PHOLASAITHE CUNTASAÍOCHTA**DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2006****1 Bunús na Cuntasaíochta**

Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais ar bhonn fabhruithe na cuntasaíochta, agus de réir phrionsabail cuntasaíochta inghlactha ginearálta faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil. Glactar le Caighdeáin Thuairiscithe Airgeadais a mholann na heagraíochtaí cuntasaíochta aitheanta de réir mar a thagann siad i bhfeidhm. Cuirtear na figiúirí i láthair i bhfoirm Euro (€).

2 Sócmhainní Seasta agus Dímheas

Tugtar costas stairiúil na sócmhainní seasta nó luacháil lúide an dímheas carntha. Gearrtar dímheas ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais ar bhunús líne dhíreach, ag an ráta atá leagtha amach thíos, chun na sócmhainní a dhíscríobh, coigeartaithe don luacháil fuílligh measta, thar a dtréimhse úsáideach saoil.

	Ráta %
Troscán	12 1/2
Trealamh Oifige	20

3 Deontais Oireachtais

Tugtar cuntas ar Dheontais Oireachtais ar bhunús fabhraithe.

4 Deontais Iníochta

Fabhraítear na deontais sna ráitis airgeadais nuair a chomhlíonann na deontaithe na coinníollacha atá leagtha síos.

5 Cuntas Caipitiúil

Seasann an Cuntas Caipitiúil don luacháil neamh-amúchta ioncaim a úsáidtear do chríocha caipitil.

6 Ioncam Iarchurtha

D'fhéadfadh an Chabhair Inaisíochta a bheith i bhfoirm deontais iníochta nó infheistíochtaí i Scaireanna Tosaíochta nó Gnáthscaireanna.


D'fhéadfaí na suimeanna a fuarthas isteach, a áiríonn aon ús nó gnóthachán, a úsáid d'focaíochtaí breise faoi Mhiosúr 1. Toisc go mbrathann aisíocaíochtaí ar fheidhmiú an fhiontair, ní áirítear iad nó go bhfaightear iad. Ní thugtar aitheantas d'fháltais dá leithéid mar ioncam nó go n-athdháiltear iad mar chaiteachas Mhiosúr 1.

CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2006


	Nótaí	2006 €	2005 €
Ioncam			
Deontais Oireachtais	1	819,728	846,728
Cúnamh Iníochta	3C	35,246	86,217
Ioncam Eile		51,525	44,428
		906,499	977,373
Aistriú (chuig)/ón gCuntas Caipitil	6	3,104	2,110
Iomlán		903,395	979,483
Caiteachas			
Cúnamh Airgeadais Roghnach	2	211,035	291,829
Forbairt Fiontraíochta agus Inniúlachta		(98,928)	259,144
Riarachán	4	393,432	428,510
		903,395	979,483
Farrasbar/(Easnamh) don Bhliain		0	0

Ní raibh aon ghnóthacháin nó cailliúntí ag an mBord sa bhliain airgeadais nó sa bhliain airgeadais roimhe sin seachas iad sin ar déileáil le leo sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais. Baineann torthaí na bliana le hoibriúcháin leanúnacha.


Tá ráiteas na bpolasaithe cuntasáíochta maraon le nótaí 1 go dtí 11 mar chuid de na ráitis airgeadais.



Cathaoirleach



Stiúrthóir




Príomhoifigeach Feidhmiúcháin


AN CLÁR COMHARDAITHE
AR AN 31 NOLLAIG 2006

	Nótaí	2006 €	2005 €
SÓCMHAINNÍ SEASTA			
Sócmhainní Inláimhsithe	5	34,799	31,695
SÓCMHAINNÍ REATHA			
Fiachnóirí agus Réamhíocaíochtaí		20,373	7,575
Airgead sa Bhanc		243,918	245,145
		<u>264,291</u>	<u>252,720</u>
DLITEANAIS REATHA			
Deontais Oireachtais faighte roimh ré		14,550	47,310
Ioncam Iarchurtha	3C	235,494	187,953
Creidiúnaithe agus Fabhruithe		14,247	17,457
		<u>264,291</u>	<u>252,720</u>
GLANSÓCMHAINNÍ REATHA			
		0	0
GLANSÓCMHAINNÍ			
		<u>34,799</u>	<u>31,695</u>
MAOINITHE AG:			
Cuntas Caipitiúil	6	34,799	31,695
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		0	0
		<u>34,799</u>	<u>31,695</u>


Tá ráiteas na bpolasaithe cuntasáíochta maraon le nótaí 1 go dtí 11 mar chuid de na ráitis airgeadais.



Cathaoirleach



Stúirthóir



Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

**NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2006**

1 Maoiniú agus Caiteachas an Bhoird

Soláthraíonn Alt 10(2) den Acht Forbartha Thionsclaíoch, 1995 go ndéanann an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta focaíochtaí deontais leis an mBord. Tá caiteachas an Bhoird curtha i bhfeidhm ar bhearta faoin bhfochlár Fiontar Áitiúil den Chlár Oibriúcháin Réigiúin an Deiscirt agus an Oirthir 2000-2006.

Tá na bearta mar seo a leanas:

Miosúr 1: Cúnamh Airgeadais Roghnach

Miosúr 2 - Forbairt Fiontraíochta agus Inniúlachta

**NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2006**

2 Cúnamh Airgeadais Roghnach

Tairgíonn an Bord cúnamh deontais, agus má ghlactar leis, bíonn sé bailí mar ghealltanais de chuid an Bhoird ar feadh tréimhse ama ar leith nó de réir na gcúinsí a sonraíodh nuair a ceadaíodh é.

Thug an Roinn maoiniú de €221,226 le caitheamh ar Chúnamh Airgeadais Roghnach i 2006. D'eascair gealltanais an Bhoird atá ag seasamh amach ar an 31 Nollaig 2006 mar seo a leanas:

	Deontais €	Cúnamh Deontais Iníoctha €	Scaireanna Tosaíochta	Iomlán €
Gealltanais				
ar an 1 Eanáir 2006	45,863	17,865	0	63,728
Ceadaithe	220,042	131,100	0	351,142
	265,905	148,965	0	414,870
Aistharraingthe				
- Ceadaithe i 2006.	49,000	39,000	0	88,000
- Ceadaithe roimh 2006	6,964	664	0	7,628
	209,941	109,301	0	319,242
Caiteachas	138,393	72,642	0	211,035
Gealltanais				
ar an 31 Nollaig 2006	71,548	36,659	0	108,207

Tá an Caiteachas de €211,035 déanta suas as Deontais Chaipitiúla €73,093, Deontais Fostaíochta €59,500, Deontais Féidearthachta €5,800 agus Cúnamh Inaisíochta €72,642.

Tharla na gealltanais a bhí ag seasamh amach ar an 31 Nollaig 2006 mar seo a leanas:

	€
Roimh an 31 Nollaig 2005	0
I ndiaidh an 1 Eanáir 2006	108,207
	108,207

**NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2006**

3A Infheistíochtaí

Bhí €10,000 d'infheistíocht scaireanna tosaíochta ann ar an 31 Nollaig 2006. Tharla nach féidir luach na scaireanna seo, a bhraitheann ar fheidhmiú an fhiontair, a mheas go cruinn, níl na scaireanna caipitilithe ar an gClár Comhardaithe. Tugtar cuntas ar dhíbhinní, ús agus aisíocaíochtaí a fhaightear ar bhonn airgead tirim. Is féidir leis an mBord Fiontar fáltais mar seo a úsáid chun deontais bhreise a mhaoiniú i bhfoirm Mhiosúr 1.

Bhí na hinfeistíochtaí seo a leanas ag an mBord ar an 31 Nollaig 2006.

Ainm na Cuideachta	Cineál Scaire	2006 €	2005 €
Elizabeth Tighe Foods Ltd.	Scaireanna Tosaíochta	0	20,000
Kale Industries Ltd.	Scaireanna Tosaíochta	10,000	10,000
		10,000	30,000

Déanann an Bord athbhreithniú ar infheistíochtaí agus nuair a cheapann siad nach n-íocfar iad, socróidh an Bord an tsuim sin a dhíscríobh. Dhíscríobh an Bord an infheistíocht seo a leanas i 2006:

Ainm na Cuideachta	Cineál Scaire	2006
Elizabeth Tighe Foods Ltd.	Scaireanna Tosaíochta	20,000

3B Cabhair Deontais Iníochta

Toise go mbrathann an t-aisíocaíocht ar fheidhmiú an fhiontair, ní áirítear an méid a bhíonn ag seasamh amach mar sócmhainn sa Chlár Comhardaithe. Tugtar cuntas ar aisíocaíochtaí isteach ar bhonn airgead tirim. D'fhéadfadh go n-úsáidfeadh an Bord Fiontar fáltais mar seo chun deontais bhreise a mhaoiniú i bhfoirm Mh:

	2006 €	2005 €
Iarmhéid 1 Eanáir	261,202	233,596
Eisithe i 2006	72,642	106,997
Aisíochta i 2006	78,578	60,718
Díscríofa i 2006	0	18,673
Iarmhéid 31 Nollaig	255,266	(261,202)
Dlite laistigh de 12 mí	60,110	72,970
Dlite tar éis 12 mí	195,156	188,232
	255,266	261,202

Déanann an Bord athbhreithniú ar iarmhéideanna atá dlite agus nuair a cheapann siad nach n-íocfar iad, socróidh an Bord an tsuim sin a dhíscríobh. Ní raibh aon suimeanna díscríofa i 2006.

**NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2006**

3C Athdháileadh ar Fháltais Chabhrach Inaisíochta

	2006	2005
	€	€
Iarmhéid na bhFáltais Cabhrach Inaisíochta ar an 1 Eanáir	187,953	207,930
Íocaíochtaí Cabhrach Inaisíochta tugtha ar aghaidh ó Ioncam Iarchurtha	(35,246)	(86,217)
Fáltais Chabhrach Inaisíochta:	(78,578)	(60,718)
	0	0
	4,209	5,522
	<hr/>	<hr/>
Iarmhéid na bhFáltais Cabhrach Inaisíochta ar lámh ar an 31 Nollaig	235,494	187,953
	<hr/> <hr/>	<hr/> <hr/>

4 Costas Riaracháin

	2006	2005
	€	€
Tuarastal	248,400	251,472
Costas Taistil	15,054	20,808
Lóistín	35,000	35,331
Teileafón	5,646	6,584
Páipéarachas	6,295	6,146
Costas Oifige	14,811	27,730
Costas Fearas Oifige/TF	5,306	13,977
Táilli don Iniúchadh	6,250	5,900
Táilli Cuntasaíochta	5,887	4,016
Fógraíocht	26,581	33,529
Árachas	5,419	5,197
Táilli Dí	309	0
Oiliúint	5,357	7,889
Dímheas	13,117	9,931
	<hr/>	<hr/>
	393,432	428,510
	<hr/> <hr/>	<hr/> <hr/>

**NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2006**

5 Sócmhainní Seasta

	Troscán €	Trealamh €	Iomlán €
Costas/Luacháil			
Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2006	8,228	42,525	50,753
Suimeanna Breise sa tréimhse	357	17,703	18,060
Díúscairtí sa tréimhse	-	3,065	3,065
	8,585	(57,163)	(65,748)
Dímheas Carntha			
Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2006	2,194	16,864	19,058
Táille don bhliain	1,071	12,046	13,117
Ar dhiúscairtí	-	1,226	1,226
	3,265	(27,684)	(30,949)
Leabharluach Glan ar an 31 Nollaig 2006	5,320	29,479	34,799
Leabharluach Glan ar an 31 Nollaig 2005	6,034	25,661	31,695

6 Cuntas Caipitiúil

	2006 €	2005 €
Iarmhéid ar an 1 Eanáir	31,695	33,805
Aistriú chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais		
- Cistí a dáileadh chun Sócmhainní Seasta a fháil	16,221	7,821
- An tsuim amúchta ar aon dul le dímheas sócmhainne	13,117	9,931
	()	()
Aistriú chuig (ón) gCuntas Caipitiúil	3,104	2,110
		()
Iarmhéid ar an 31 Nollaig	34,799	31,695

**NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2006**

7 Cánachas

Níl aon soláthar déanta do chánachas sna ráitis airgeadais.

8 Fostaithe agus Tuarastal

Tháinig costas tuarastal an Bhoird go dtí €248,400 agus cuireadh isteach sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais é mar seo a leanas:-

Riarachán	€248,400
-----------	----------

Ba é an meánuimhir foirne don tréimhse ná 5. Fostaítear an fhoireann ar fad ar bhunús iasachta nó conartha. Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar iasacht ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

9 Aoisliúntas

Aisíoctar tuarastal na foirne iasachta leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Clúdaíonn sé seo gné aoisliúntais.

10 Baill an Bhoird – Faisnéisiú ar Bhearta

Ghlac an Bord le gnáthaimh de réir threoirlínte a d'eisigh An Roinn Airgeadais maidir le faisnéisiú ar leasa tairbhiúla bhaill an Bhoird agus cloíodh leis na gnáthaimh seo le linn na bliana. Ní raibh aon bheart i gceist le linn na bliana ó thaobh gníomhaíochtaí an Bhoird, a raibh suim thairbheach ag ball den Bhord ann.

11 Formheas ar na Ráitis Airgeadais

Ghlac an Bord Stiúrthóirí leis na ráitis airgeadais agus údaraíodh iad le heisiúint ar an 17 Iúil 2007.

Deontais a Ceadaíodh le linn 2006

Client Name	Company Name	Sector	Grant Type	Amount
Ger Slater	Alpine Doors	Engineering	Capital Refundable	€12,500.00 €12,500.00
Caroline Ingram	Fab Fleeces	Manufacturing	Capital Refundable	€2,900.00 €2,900.00
Bernard Walsh	The Hot Irishman	Manufacturing	Employment	€5,000.00
Soren Rasmussen	Soren Rasmussen Engineering	Engineering	Capital Capital	€32,500.00 €32,500.00
Liam Dempsey	PIPE Engineering Ltd	Engineering	Capital Refundable	€20,000.00 €20,000.00
Brendan Moore	Vicarious Ventures Ltd	Manufacturing	Feasibility	€5,100.00
Kelvin Allen	Exuberant Communications Ltd	Manufacturing	Employment	€5,000.00
Tony Broderick	Broderick Engineering	Manufacturing	Capital Refundable	€4,450.00 €4,450.00
Cian Boland & Thomas Dermody	Astute Marketing	International Services	Employment	€15,000.00
John & Geraldine Byrne	Byrne LiveStock Feeds	Manufacturing	Capital	€25,000.00 €25,000.00
Brian Mc Guire	Whitelite Automation Ltd.	Manufacturing	Employment	€20,000.00
Linda Mellon	Dolmen Nursery	Childcare	Employment	€5,000.00
Andrew Tobin	T2	Information Technology	Employment	€10,000.00
Maurice O'Neill	Carlow Precision Grinding	Manufacturing	Capital	€4,750.00 €4,750.00
Keith Gavin	AGK Ltd.	Manufacturing	Capital	€7,500.00 €7,500.00
Karen Daniel	Label It		Capital	€3,342.00
Richard & Patrica Gladney	Cartridge World	Manufacturing	Employment	€5,000.00
Sean Maloney	STT Swings	Manufacturing	Employment	€6,000.00
Ger Mc Grath	Sportsvend	Manufacturing	Feasibility	€3,200.00
Clare Jordan	ClareJordanDesigns	Manufacturing	Employment	€6,000.00
Donal Kelly	Dk Designs	Manufacturing	Capital	€7,500.00 €7,500.00